Háití agus Corcaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhear i gCorcaigh atá ag cuidiú le muintir Háití. Bhuail tubaiste Háití ocht mbliana ó shin. An bhfuil cur amach agat ar an scéal? Déan plé leis an duine in aice leat faoina bhfuil ar eolas agat faoin eachtra.



Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?

1. eagraíocht charthanachta _____
2. curach _____
3. pobal cois cósta _____
4. crith talún _____
5. cóiríocht shealadach _____
6. ceardlanna tógála _____
7. coimeádán _____
8. troscán _____
9. trealamh oideachais _____
10. tacú le _____
11. earraí _____

Féachaigí ar an tuairisc anois le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 3 Tar éis féachaint ar an tuairisc den dara huair, tabhair cuntas don duine in aice leat faoi ábhar na míre. Déan iarracht gach focal ó cheist 2 thuas a úsáid i do chuntas, chomh maith leis na figiúirí seo a leanas:

2, 8, 7, 300,000, milliún go leith, 8 agus *2018*

Ceist 4 '…cóiríocht s**h**ealadach…'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht sa sampla thuas?

2. Cuir séimhiú ar na haidiachtaí seo thíos anois, **más gá**!

   - bean (saibhir) _____
   - fear (bocht) _____
   - balla (dearg) _____
   - sneachta (bán) _____
   - fearthainn (trom) _____
   - cistin (mór) _____
   - seomra (beag) _____

Ceist 5 Cén fáth a scríobhtar: **i g**Corcaigh, **i** Háití, **in** Albain agus **in** Westminster?

Bain úsáid as samplaí eile chun do fhreagra a léiriú.

Ceist 6 Féach ar an stór focal thíos a bhaineann le Féile na Nollag agus freagair na ceisteanna.

1. Cuir an t-alt le gach ainmfhocal thíos agus déan cibé athrú is gá.

   - cuileann
   - coinneal
   - carúl
   - réinfhia
   - drualus
   - maisiúchán
   - bronntanas
   - an Pol Thuaidh
   - maróg

2. Cuir na focail thuas san uimhir iolra anois.

3. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘sona’ i ‘Nollaig s**h**ona duit’?

4. Cén fáth nach bhfuil ‘i’ san fhocal ‘Nollaig’ sna cásanna thíos?

   Lá Nollag, Oíche Nollag, crann Nollag, cáca Nollag, Daidí na Nollag

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cleachtadh cainte atá sa cheist seo.

Ceist 2

1. eagraíocht charthanachta	*charity organisation*
2. curach	*currach, coracle*
3. pobal cois cósta	*coastal community*
4. crith talún	*earthquake*
5. cóiríocht shealadach	*temporary accommodation*
6. ceardlanna tógála	*construction workshops*
7. coimeádán	*container*
8. troscán	*furniture*
9. trealamh oideachais	*educational equipment*
10. tacú le	*support*
11. earraí	*goods*

Ceist 3
Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile. Iarr orthu na focail ar fad i gceist a dó a úsáid, chomh maith leis na figiúirí atá tugtha.

Ceist 4
1. Cuirtear séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach san uimhir uatha.
2. bean shaibhir
   fear bocht
   balla dearg
   sneachta bán
   fearthainn throm
   cistin mhór
   seomra beag

Ceist 5
- Cuirtear urú ar an ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail shimplí **i**: *i gCorcaigh, i nDún na nGall.*
- Scríobhtar **in** roimh fhocail a thosaíonn ar ghuta: *in Albain, in uisce.*
- Scríobhtar **in** roimh logainmneacha iasachta nach bhfuil Gaelaithe: *in Westminster, in Chicago.*

Ceist 6
1. an cuileann (*holly*)
   an choinneal (*candle*)
   an carúl (*carol*)
   an réinfhia (*reindeer*)
   an drualus (*mistletoe*)
   an maisiúchán (*decoration*)
   an bronntanas (*present*)
   an Pol Thuaidh (*the North Pole*)
   an mharóg (*pudding*)

2. an cuileann*
   na coinnle

na carúil
na réinfhianna
an drualus*
na maisiúcháin
na bronntanais
an Pol Thuaidh*
na maróga

*Ní chuirtear na hainmfhocail seo san uimhir iolra, de ghnáth.

3. Is ainmfhocal baininscneach é *Nollaig* agus dá bhrí sin cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.

4. Tá an t-ainmfhocal *Nollaig* sa tuiseal ginideach sna samplaí: *Lá Nollag, Oíche Nollag, crann Nollag, cáca Nollag, Daidí na Nollag*

Eimear Ní Chonaola
Anois i gCorcaigh, tá eagraíocht charthanachta tar éis dhá churach de dhéanamh na hÉireann a thógáil in éindí le pobal cois cósta i Háití. Ach chomh maith leis na curacha[1], tá scileanna nua sealbhaithe freisin acu.

Grett O'Connor
Tá beagnach ocht mbliana anois ann ó bhuail crith talún, a tomhaiseadh ag leibhéal a seacht ar scála Richter, Háití. Maraíodh timpeall 300,000 duine agus b'éigean do mhilliún go leith duine bogadh go dtí cóiríocht shealadach.

Anseo i gCorcaigh, tá fear amháin díreach tagtha abhaile ó Háití. Chuaigh Séamus O'Brien ó bhádchlós Mheitheal Mara chun dhá churach a thógáil le pobal beag cois cósta i ndeisceart na tíre. Obair den sórt céanna a bhíonn ar siúl ag Séamus anseo i lár Chathair Chorcaí, ag reáchtáil ceardlanna tógála curach[2] agus bád eile le grúpaí éagsúla. Dúirt sé go raibh nóiméad speisialta faoi leith a sheas amach dó i Háití – nuair a chonaic sé go raibh na curacha péinteáilte ag na hiascairí sna dathanna náisiúnta, gorm agus dearg.

Is mar gheall ar cheangal leis an gcarthanacht *Haiti Orphanage Project* a chuaigh Séamus go Háití. Le bliain go leith anuas, tá ocht gcoimeádán lán d'ábhar leighis, troscán agus trealamh oideachais seolta go Háití ag an eagraíocht seo.

Beidh an coimeádán seo i Háití in am don Nollaig, ach más mian leat tacú le hiarrachtaí na carthanachta seo in 2018, is féidir airgead nó earraí a thabhairt tríd an suíomh idirlín www.4haiti.ie – sin uimhir a ceathair, Haiti, ponc ie – nó ar an leathanach *Facebook* – sin *Haiti Orphanage Project*.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *curachaí* a dúradh
[2] *curachaí* a dúradh